**FOIRM FÓGRA ATÁ LE FOILSIÚ DE BHUN ALT 51(3)(a) D'ACHT NA mBÓITHRE, 1993 (ARNA LEASÚ), I nDÁIL LE hIARRATAS AR FHORBAIRT BHÓTHAIR BHEARTAITHE A CHEADÚ AGUS LE TUARASCÁIL AR MHEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA AGUS RÁITEAS TIONCHAIR NATURA A THÍOLACADH.**

# AN SCÉIM CROÍCHONAIR BUS Ó LEAMHCÁN GO LÁR NA CATHRACH

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarratas faoi alt 51(2) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), chuig an mBord Pleanála ('an Bord') ar cheadú i ndáil le forbairt bhóthair bheartaithe arb é a bheidh inti:
Tógáil na Scéime Chroíchonair Bus ó Leamhcán go Lár na Cathrach, atá thart ar 9.7 km ar fad, tá sí ródaithe feadh Bhóthar Leamhcáin/an R835 óna acomhal le Bóthar Bhaile Eoghain/an R136 go dtí an timpeallán lena bhfreastalaítear ar Pháirc Mhiondíola Leamhcáin agus ar an sliosbhóthar isteach ar Bhóthar Leamhcáin/an N4 soir. Tá sí ródaithe ansin tríd an N4 (ag dul di thar Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life) chomh fada le hAcomhal 7 (an M50) agus tríd an R148 feadh sheachbhóthar Bhaile Phámar, sheachbhóthar Shéipéal Iosóid, Bhóthar Choinn Colbaird agus Bhóthar Eoin Thiar, ag críochnú ag Droichead Phroinsias Uí Shearbháin, áit a gceanglaíonn sí leis an gcóras bainistíochta tráchta láithreach ar na Céanna Theas, a bhfuil gach ceann díobh lonnaithe laistigh de limistéir riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, a bhfuil na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, i gceist léi:

- 17.8 km (déthreo) de bhonneagar tosaíochta bus agus de bhainistíocht tráchta;
- 13.4 km (san iomlán sa dá threo) de bhonneagar rothaíochta agus de shaoráidí rothaíochta;
- Droichead coisithe/rothar nua thar Bhóthar Leamhcáin/an N4 ag Bóthar Bhaile Eoghain;
- Droichead coisithe nua thar Bhóthar Leamhcáin/an N4 ag Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life;
- Leathnú an droichid láithrigh ar ar a n-iompraítear seachbhóthar Shéipéal Iosóid/an R148 thar Bhóthar Chnoc Shéipéal Iosóid;
- Saoráidí nua/athchóirithe do choisithe agus cosáin nua/athchóirithe a sholáthar feadh na scéime, agus oibreacha coimhdeacha gaolmhara a sholáthar;
- 12 uasghrádú acomhail agus oibreacha coimhdeacha gaolmhara a sholáthar;
- 16 cinn nua/athchóirithe de shaoráidí taobhiontrála tábla ardaithe a sholáthar;
- Stadanna bus láithreacha a athchumrú, a fhágfaidh go mbeidh 2 stad bus nua agus 21 saoráid stad bus nua ann;
- Oibreacha Ríochta Poiblí, lena n-áirítear tírdhreachú, cur, troscán sráide, soilsiú sráide, ballaí coinneála, ballaí teorann agus bearta draenála uirbí inbhuanaithe;
- Oibreacha talún a bhaineann le bóithre, lena n-áirítear ábhar do-ghlactha a thochailt, ábhar a allmhairiú agus ábhair a stóráil go sealadach;
- Pábháil bhóthair, comharthaíocht, líneáil agus oibreacha coimhdeacha a sholáthar;
- Geataí, fálta agus oibreacha cóireála teorann a sholáthar;
- Bonneagar draenála nua agus claonta a sholáthar;
- Fóntais agus seirbhísí a chlaonadh, lena n-áirítear oibreacha coimhdeacha gaolmhara; agus
- Oibreacha cóiríochta a thógáil, lena n-áirítear oibreacha cóireála teorann agus oibreacha coimhdeacha grádaithe agus tírdhreachaithe;
  mar aon leis na hoibreacha coimhdeacha agus iarmhartacha uile a bhaineann leo sin.

Léirítear ar an léarscáil a ghabhann leis seo suíomh na forbartha bóthair beartaithe. I ndáil leis an bhforbairt bhóthair bheartaithe, rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a thíolacadh don Bhord, ar tuarascáil í a ullmhaíodh de réir alt 50 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), agus de réir Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014.

Ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura freisin agus tíolacadh don Bhord é i ndáil leis an bhforbairt bhóthair bheartaithe faoi Chuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Féadfar cóip de dhoiciméid an iarratais, den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus den Ráiteas Tionchair Natura a iniúchadh ag na suíomhanna seo a leanas ar laethanta oibre le linn na n-uaireanta oscailte atá liostaithe thíos ón g**Céadaoin an 2 Samhain 2022 go dtí an Chéadaoin an 11 Eanáir 2023.**

**An tÚdarás Náisiúnta Iompair**
**Dún Scéine**
**Lána Fhearchair**
**Baile Átha Cliath 2, D02 WT20**

**Uaireanta Oscailte**
**9:15 go dtí 16:00 ó Luan go hAoine**

**An Bord Pleanála**
**64 Sráid Maoilbhríde**
**Baile Átha Cliath 1, D01 V902**

**Uaireanta Oscailte**
**9:15 go dtí 17:30 ó Luan go hAoine**

Féadfar cóip den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) (nó cuid/codanna di) agus/nó den Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a cheannach ón Údarás Náisiúnta Iompair ach na táillí seo a leanas a íoc:

| | | |
|---|---|---|
| Imleabhar 1 den EIAR | Achoimre Neamhtheicniúil | €15 |
| Imleabhar 2 den EIAR | An Príomhthéacs | €150 |
| Imleabhar 3 den EIAR | Figiúirí EIAR | €200 |
| Imleabhar 4 den EIAR | Aguisíní EIAR | €150 |
| NIS | Ráiteas Tionchair Natura | €90 |

ón g**Céadaoin an 2 Samhain 2022 go dtí an Chéadaoin an 11 Eanáir 2023.**

Féadfar iarrataí ceannaigh den sórt sin a sheoladh chuig **An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, D02 WT20**, nó chuig **info@busconnects.ie** nó féadfar iad a dhéanamh ach glao a chur ar **1800 303 653**.

Féadfar cóip de dhoiciméid an iarratais den EIAR agus den NIS a iniúchadh agus a íoslódáil saor in aisce ar an suíomh Gréasáin de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair don Scéim Croíchonair Bus ó Leamhcán go Lár na Cathrach ag:
www.lucanscheme.ie

I ndáil le hiarratas ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), féadfaidh an Bord, le hordú, an fhorbairt bhóthair bheartaithe a cheadú, fara nó d'éagmais modhnuithe, nó féadfaidh sé diúltú forbairt den sórt sin, nó aon chuid di, a cheadú.

Féadfar aighneachtaí/tuairimí maidir leo seo a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord ag **An Bord Pleanála (Rannóg Bonneagair Straitéisigh), 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902**:

- na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bhóthair bheartaithe ar an gcomhshaol, má dhéantar í;
- impleachtaí na forbartha bóthair beartaithe, má dhéantar í, do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe sa limistéar ina mbeartaítear an fhorbairt bhóthair bheartaithe a shuíomh; agus
- na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bhóthair bheartaithe ar láithreán Eorpach

idir **an Chéadaoin an 2 Samhain 2022 agus an Chéadaoin an 11 Eanáir 2023.**

Ní foláir táille €50 a bheith ag gabháil le haon aighneachtaí/tuairimí agus ní foláir iad a bheith faighte ag an mBord tráth nach déanaí ná **5.30pm an 11 Eanáir 2023**. Ní bheidh feidhm ag an táille sin maidir le comhlachtaí forordaithe áirithe, lena n-áirítear iad sin atá sonraithe in alt 51(3)(b) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), ná maidir le húinéirí talún agus daoine eile a bhfuil leas dlíthiúil acu i dtalamh agus atá ag agóid i gcoinne fáil éigeantach talún a bhfuil leas den sórt sin acu ann i gcás fála éigeantaí.

Féadfar aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh ar shuíomh Gréasáin an Bhoird Pleanála freisin ag an seoladh seo a leanas:
https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation.


Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais a chur ar an Rannóg um Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh de chuid an Bhoird Pleanála (Teil. 01-8588100).

Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh ón mBord ar fhorbairt bhóthair bheartaithe a cheistiú trí bhíthin iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach faoi Rialacha na nUaschúirteanna (agus go háirithe Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna atá in I.R. Uimh. 15 de 1986, arna leasú) agus de réir ailt 50, 50A agus 50B den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Féadfar faisnéis phraiticiúil faoin sásra athbhreithnithe a rochtain faoin gceannteideal seo: "Fógraí Dlí – Fógra maidir le hAthbhreithniú Breithiúnach" ar shuíomh Gréasáin an Bhoird Pleanála ag www.pleanala.ie. Tá an fhaisnéis sin ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag **www.citizensinformation.ie**.

Arna dhátú an **27ú lá seo de Dheireadh Fómhair 2022**.

Aidan Gallagher
Ceann Bhonneagar BusConnects Bhaile Átha Cliath



**FORM OF NOTICE TO BE PUBLISHED PURSUANT TO SECTION 51(3)(a) OF THE ROADS ACT 1993 (AS AMENDED) IN RELATION TO AN APPLICATION FOR APPROVAL OF A PROPOSED ROAD DEVELOPMENT AND THE SUBMISSION OF AN ENVIRONMENTAL IMPACT ASSESSMENT REPORT AND A NATURA IMPACT STATEMENT.**

# LUCAN TO CITY CENTRE CORE BUS CORRIDOR SCHEME

The National Transport Authority (NTA) has applied under section 51(2) of the Roads Act 1993 (as amended) to An Bord Pleanála ('the Board') for approval in relation to a proposed road development consisting of:
The construction of the Lucan to City Centre Core Bus Corridor Scheme, which has an overall length of approximately 9.7 km, and is routed along the R835 Lucan Road from its junction with the R136 Ballyowen Road to the roundabout serving the Lucan Retail Park and also the N4 Lucan Road eastbound on-slip. It is then routed via the N4 (passing the Liffey Valley Shopping Centre) as far as Junction 7 (M50) and via the R148 along Palmerstown bypass, Chapelizod bypass, Con Colbert Road, St John's Road West, ending at Frank Sherwin Bridge, where it will join the prevailing traffic management regime on the South Quays, all in the County of Dublin and within the Dublin City Council (DCC) and South Dublin County Council (SDCC) administrative areas, comprising inter alia:

- 17.8 km (two-way) of bus priority infrastructure and traffic management;
- 13.4 km (total both directions) of cycling infrastructure and facilities;
- A new pedestrian/cyclist bridge over the N4 Lucan Road at Ballyowen Road;
- A new pedestrian bridge over the N4 Lucan Road at Liffey Valley Shopping Centre;
- Widening of the existing bridge carrying the R148 Chapelizod bypass over Chapelizod Hill Road;
- Provision of new/refurbished pedestrian facilities and footpaths along the scheme and associated ancillary works;
- Provision of 12 junction upgrades and associated ancillary works;
- Provision of 16 new/refurbished raised table side entry facilities;
- Reconfiguration of existing bus stops resulting in 2 new bus stops and 21 number new bus stop facilities;
- Public Realm works including landscaping, planting, street furniture, street lighting, retaining walls, boundary walls and sustainable urban drainage (SUDs) measures;
- Roads associated earthworks including excavation of unacceptable material, importation of material, temporary storage of materials;
- Provision of road pavement, signing, lining and ancillary works;
- Provision of gates, fencing and boundary treatment works;
- Provision of new and diverted drainage infrastructure;
- Diversion of utilities and services including associated ancillary works; and
- Construction of accommodation works including boundary treatment and ancillary grading and landscaping works;

together with all ancillary and consequential works associated therewith.

The location of the proposed road development is illustrated in the accompanying map. The NTA has submitted to the Board the Environmental Impact Assessment Report prepared in accordance with Section 50 of the Roads Act 1993 (as amended) and Directive 2011/92/EU of the European Parliament and of the Council of 13 December 2011 on the assessment of the effects of certain public and private projects on the environment as amended by Directive 2014/52/EU of the European Parliament and of the Council of 16 April 2014 in respect of the proposed road development.

A Natura Impact Statement has also been prepared and has been submitted to the Board in respect of the proposed road development under Part XAB of the Planning and Development Act 2000 (as amended).

A copy of the application documentation, Environmental Impact Assessment Report and the Natura Impact Statement may be inspected at the following locations on working days during the opening hours listed below from **Wednesday 2nd November 2022 to Wednesday 11th January 2023.**

**National Transport Authority**
**Dún Scéine**
**Harcourt Lane**
**Dublin 2, D02 WT20**

**Opening Hours**
**Monday to Friday 9:15 to 16:00**

**An Bord Pleanála**
**64 Marlborough Street**
**Dublin 1, D01 V902**

**Opening Hours**
**Monday to Friday 9:15 to 17:30**

A copy of Environmental Impact Assessment Report (EIAR) (or part(s) thereof) and/ or the Natura Impact Statement (NIS) may be purchased from the National Transport Authority on payment of the following fees:

| | | |
|---|---|---|
| EIAR Volume 1 | Non-Technical Summary | €15 |
| EIAR Volume 2 | Main Text | €150 |
| EIAR Volume 3 | EIAR Figures | €200 |
| EIAR Volume 4 | EIAR Appendices | €150 |
| NIS | Natura Impact Statement | €90 |

from **Wednesday 2nd November 2022 to Wednesday 11th January 2023.**

Such purchase requests may be sent to **National Transport Authority, Dún Scéine, Harcourt Lane, Dublin 2, D02 WT20** or **info@busconnects.ie** or by calling **1800 303 653**.

A copy of the application documentation, EIAR and NIS may be inspected and downloaded free of charge at the National Transport Authority website for the Lucan to City Centre Core Bus Corridor Scheme at:
www.lucanscheme.ie

The Board may, in relation to an application for approval under section 51 of the Roads Act 1993 (as amended), by order, approve the proposed road development with or without modifications or it may refuse such development or any part thereof.

Submissions/observations may be made in writing to the Board at **An Bord Pleanála (Strategic Infrastructure Division), 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902** in relation to:

- the likely effects on the environment of the proposed road development, if carried out;
- the implications of the proposed road development, if carried out, for proper planning and sustainable development in the area in which it is proposed to situate the proposed road development; and
- the likely significant effects of the proposed road development on a European site

between **Wednesday 2nd November 2022 to Wednesday 11th January 2023.**


Any submissions/observations must be accompanied by a fee of €50 and must be received by the Board not later than **5.30 p.m. on 11th January 2023.** This fee will not apply to certain prescribed bodies including those specified in section 51(3)(b) of the Roads Act 1993 (as amended) or to landowners and others with a legal interest in land who are objecting to compulsory acquisition of land in which they have such an interest in a compulsory acquisition case.

Submissions/observations can also be made on the An Bord Pleanála website at the following address:
https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation.

Any enquiries relating to the application process should be directed to the Strategic Infrastructure Development Section of An Bord Pleanála (Tel. 01-8588100).

A person may question the validity of any decision by the Board on a proposed road development by way of an application for judicial review under the Rules of the Superior Courts (and in particular Order 84 of the Rules of the Superior Courts contained in S.I. No. 15 of 1986 as amended) and in accordance with sections 50, 50A and 50B of the Planning and Development Act 2000 (as amended).

Practical information on the review mechanism can be accessed under the heading: "Legal Notices - Judicial Review Notice" on An Bord Pleanála website www.pleanala.ie. This information is also available on the Citizens Information Service website **www.citizensinformation.ie**




Dated this day **27th October 2022**.

Aidan Gallagher
Head of BusConnects Dublin Infrastructure